



13322/22

Comhad Idirinstitiúideach:
2020/0320(COD)

CODEC 1451
SAN 552
PHARM 155
COVID-19 157
PROCIV 122

NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 851/2004 lena mbunaítear an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (an chéad léamh) - Glacadh an ghnímh reachtaigh

1. An 11 Samhain 2020, chuir an Coimisiún an togra uaidh¹, atá bunaithe ar Airteagal 168(5) CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.
2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 27 Aibreán 2021².
3. Thug Coiste na Réigiún a thuairim uaidh an 7 Bealtaine 2021³.
4. An 4 Deireadh Fómhair 2022, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstiúidí air agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis⁴.

¹ 12972/20.

² IO C 286, 16.7.2021, lch. 109.

³ IO C 300, 27.7.2021, lch. 76.

⁴ 12947/22.

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis sin agus a mholadh don Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE- CONS 82/21 é, a fhorghreas mar mhír ‘A’ ag ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.
6. Leagtar amach an ráiteas le haghaidh na miontuairiscí ó chruinniú na Comhairle in Aguisín 1 a ghabhann leis an nóta seo.
7. Má fhorghreasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glactar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.
